Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith L

2023/2797

13.12.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2797 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 8 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Deireadh Fómhair 2023 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banka Slovenije (ECB/2023/25) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, atá molta ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha reatha Banka Slovenije, PricewaterhouseCoopers, podjetje za revizijo in druge finančno računovodske storitve, d.o.o., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh.

(3) Roghnaigh Banka Slovenije Mazars, družba za revizijo, d.o.o. mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2024 go dtí 2026.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Mazars, družba za revizijo, d.o.o. mar iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2024 go 2026.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ([2]) ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

'13. Leis seo, ceaptar Mazars, družba za revizijo, d.o.o. mar iniúchóirí seachtracha Banka Slovenije do na blianta airgeadais 2024 go dtí 2026.'.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

([1]) IO C, C/2023/427, 19.10.2023, http://data.europa.eu/eli/C/2023/427/oj.

([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
N. CALVIÑO SANTAMARÍA